

# Earnáil Oideachais agus Oiliúna na hÉireann Forbhreathnú ar an Soláthar Seirbhíse agus Leasú

---

An Roinn Oideachais agus Scileanna

---

2015

---



AN ROINN  
OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA  
DEPARTMENT OF  
EDUCATION AND SKILLS

# Earnáil Oideachais agus Oiliúna na hÉireann Forbhreathnú ar an Soláthar Seirbhíse agus Leasú

---

An Roinn Oideachais agus Scileanna

---

2015

---

# An Roinn Oideachais agus Scileanna


## Ár Misean

daoine a chumasú, tríd an bhfoghlaim, lena lánacmhainneacht a bhaint amach agus ionchur a bheith acu i bhforbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch na hÉireann.

## Ár bhFís

córas oideachais agus oiliúna a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige agus atá bunaithe ar bheartais fianaisebhunaithe a ceapadh chun riachtanais foghlaimeoirí, na sochaí agus an gheilleagair a thuar agus freagairt dóibh agus na riachtanais sin ag athrú.

# Ár Spriocanna



# Forbhreathnú ar an earnáil Oideachais agus Oiliúna in Éirinn

SCOILEANNA




4,009

CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA I SCOILEANNA



11,820

ÁITEANNA BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA



270,000

FOGHLAIMEOIRÍ LÁNAIMSEARHA AR FUD AN CHÓRAIS



1,090,000+

BOIRD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA



16

LÍON NA NDAOINE ATÁ DÍFHOSTAITHE A BHFUIL OILIÚINT Á CUR AR FÁIL DÓIBH



50,000+

MIC LÉINN PÁIRTAIMSEARHA 3Ú LEIBHÉAL



173,000+

LEANAÍ RÉAMHSOILE



67,000+

LEANAÍ & DAOINE ÓGA I SCOILEANNA



916,000+

MÚINTEOIRÍ



59,000+

MIC LÉINN PÁIRTAIMSEARHA 3Ú LEIBHÉAL



38,000+

BAILL FOIRNE IN INSTITUTEIDÍ ARDOIDEACHAIS



23,000+

INSTITUTEIDÍ ARDOIDEACHAIS ATÁ MAOINITHE AG AN STÁT



31

# Oibríonn an Roinn i gcomhar le réimse de ghníomhaireachtaí atá faoina coimirce

An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a fhiosrú  
An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Grangeogorman Development Agency  
Gníomhaireacht Forbartha Ghníomhaireach Ghormáin

HEA  
Higher Education Authority  
An tÚdarás um Ard-Oideachas

IRISH RESEARCH COUNCIL  
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

léargas  
insight through exchange  
léargas trí mhailirtú

NCCA  
An Chomhairle Náisiúnta Coiréim agus Measúnachta  
National Council for Curriculum and Assessment

ncge  
National Centre for Guidance in Education  
Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas

ncse  
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta  
National Council for Special Education

QQI  
Quality and Qualifications Ireland  
Dearbhú Cálíochta agus Cálíochtaí Éireann

Residential Institutions  
Redress Board  
Boord um Bheith Ionannaithe Coiréim

Skillnets  
Enterprise-led learning networks  
Sol-Honta Linnraí foghlamaí ionannaithe

SOLAS  
An tSeirbhís Oideachais Leanaí agus Scéanna  
Further Education and Training Authority

Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
State Examinations Commission  
Com na Mairbh, Baile Átha Luath, Co. na hIarmhí  
Corkamaddy, Athlone, Co. Wicklow

An Chomhairle Mhúinteoireachta  
The Teaching Council

# Conas atá ag éirí linn?

Léiríonn measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta go bhfuil Éire ag feidhmiú go maith i roinnt réimsí

## An fheidhmíocht sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic ag an mbunleibhéal

Reachtáladh Measúnaithe Náisiúnta (NA) ar Léitheoireacht an Bhéarla agus ar an Matamaitic<sup>1</sup> sa Dara agus sa Séú rang i mí na Bealtaine 2014 i sampla ionadaíoch de 150 bunscoil. Bhí an fheidhmíocht fhoriomlán sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic i rang a dó agus i rang a sé cuid mhaith níos airde in NA 2014 ná mar a bhí in NA 2009. Is é seo an chéad fheabhas suntasach ar chaighdeán sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic a taifeadh sna measúnaithe náisiúnta le breis agus tríocha bliain.

Léirigh dhá mheasúnú idirnáisiúnta a foilsíodh in 2011 (PIRLS agus TIMSS<sup>2</sup>), gur bhain scoláirí na hÉireann marcanna a bhí cuid mhaith níos airde amach ná an meán idirnáisiúnta sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic ag an mbunleibhéal (rang a 4). Rangaíodh scoláirí na hÉireann sa deichiú háit sa léitheoireacht as 45 tír a bhí rannpháirteach. Ní raibh ach cúig tír inar fheidhmigh scoláirí cuid mhaith níos fearr na scoláirí na hÉireann. Sa mhatamaitic, bhí Éire sa 17ú háit as 40 tír a bhí rannpháirteach.

## An fheidhmíocht san eolaíocht agus sa léitheoireacht ag an dara leibhéal

Rangaíonn tuarascáil ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) a foilsíodh in 2015, Scileanna Bunúsacha Uilíochta: An Méid atá le Gnóthachtáil ag Tíortha, Éire sa 15ú háit déag as 76 tír sa mhatamaitic agus san eolaíocht. Tá an rangú bunaithe ar chónascadh measúnuithe, lena n-áirítear measúnuithe de chuid an ECFE, PISA agus TIMSS.

Bhí feidhmíocht scoláirí na hÉireann in PISA 2012<sup>3</sup> cuid mhaith níos fearr ná in 2006, agus d'fheidhmigh scoláirí na hÉireann cuid mhaith níos fearr ná meán an ECFE. Tá céatadán na scoláirí in Éirinn a fheidhmíonn ag na leibhéil ísle san eolaíocht ag 10.8%, céatadán atá beagán níos ísle ná meán an ECFE de 8.4%. Tá céatadán na scoláirí in Éirinn a fheidhmíonn ag na leibhéil arda san eolaíocht ag 11.1%, céatadán atá beagán níos airde ná meán an ECFE de 17.8%. Sa léitheoireacht rangaiodh Éire sa cheathrú háit as 34 tír de chuid an ECFE agus sa seachtú háit as na tíortha ar fad a ghlac páirt.

<sup>1</sup> D'ullmhaigh an Foras Taighde ar Oideachas neamhspleách Measúnuithe Náisiúnta ar léamh an Bhéarla agus ar an Matamaitic in 2014. Bhí sampla ionadaíoch de bhreis agus 8,000 scoláire in 150 bunscoil sna measúnaithe ag úsáid trialacha slána.

<sup>2</sup> PIRLS & TIMSS: Is é an tlonad Idirnáisiúnta um Staidéir, Coláiste Bhostúin, a thugann faoin Dul Chun Cinn sa Staidéir Léitheoireachta Litearthachta Idirnáisiúnta (PIRLS) agus Treochtaí sa Staidéir Matamaitice agus Eolaíochta Idirnáisiúnta (TIMSS)

<sup>3</sup> PISA 2012: Is suirbhé idirnáisiúnta é clár an ECFE um Measúnú Idirnáisiúnta ar Scoláirí (PISA) ar ghnóthachtáil scoláirí 15 bliana d'aois sa litearthacht léitheoireachta, litearthacht mhatamaitice agus sa litearthacht eolaíochta.

# Conas atá ag éirí linn?

## Luathfhágálaithe scoile

Léiríonn sonraí Suirbhé de chuid an AE ar an Lucht Saothair<sup>4</sup> go raibh líon na luathfhágálaithe in Éirinn in 2012 ag 9.7%, thíos ó 13.1% in 2004 agus go mór faoi bhun an mheáin de 12.8% san AE.

## Líon na ndaoine a bhfuil cáilíochtaí tríú leibhéal acu

Léiríonn an tOideachas ar aon Amharc Amháin (EAG)<sup>5</sup> 2014 go bhfuil oideachas tríú leibhéal bainte amach ag 49% de na daoine atá 25-34 bliana d'aois in Éirinn, céatadán atá cuid mhaith níos airde ná an meán de 39% san ECFE agus an meán de 37% san AE agus cuireann sé sin sa chúigiú háit san ECFE muid agus sa dara háit san AE. Tá oideachas tríú leibhéal bainte amach ag 51% díobh siúd atá idir 30-34 bliain d'aois, i gcomparáid le meán de 40% san ECFE agus meán de 38% san AE. Cuireann sé seo sa tríú háit san ECFE muid (ar chomhchéim le tír eile) agus sa chéad áit san AE.

## Léiríonn roinnt tagarmharcanna idirnáisiúnta gur chóir d'Éirinn a bheith ag feidhmiú níos fearr

### An fheidhmíocht sa mhatamaitic ag an dara leibhéal

Léirítear in PISA 2012 nár tháinig mórán feabhais i ndáiríre ar fheidhmíocht scoláirí dara leibhéal na hÉireann sa mhatamaitic ó 2003 ná sa léitheoireacht ó 2000. Sa mhatamaitic phriontála, rangáíodh Éire sa 13ú háit as 34 tír de chuid an ECFE agus san fhichiú háit as 65 tír san iomlán. Bhí 10.7% de na daltaí ag feidhmiú ag na leibhéil is airde, i gcomparáid le meán de 12.6% san ECFE

### An fheidhmíocht san eolaíocht ag an mbunleibhéal

In TIMSS 2011 bhí scoláirí i rang a ceathair in Éirinn rangaithe sa 22ú háit as 50 tír. Cé go raibh sí níos airde ná an meán idirnáisiúnta, titeann an fheidhmíocht ar eolaíocht an TIMSS taobh thiar d'fheidhmíocht TIMSS sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic.

## An litearthacht agus an uimhearthacht d'aoisigh

Léiríonn suirbhé PIAAC<sup>6</sup> go bhfuil meánscór (meán coigeartaithe) de 266 ar an scála litearthachta de 266 ag aoisigh in Éirinn, beagán faoi bhun an mheáin de 270 sa staidéar. Tá meánscór (meán coigeartaithe) de 255 ar an scála uimhearthachta ag aoisigh in Éirinn, cuid mhaith faoi bhun an mheánscóir de 266 i staidéar an PIAAC.

## An dul chun cinn atá déanta chun spriocanna litearthachta 2020 an AE a bhaint amach

Sna tagarmharcanna 2020<sup>7</sup> de chuid an AE sonraítear gur chóir go mbeadh líon na ndaoine óga ag 15 bliana d'aois a bhfuil leibhéal íseal gnóthachtála acu (faoi bhun leibhéal 2 ar an PISA) sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht níos lú ná 15% faoi 2020. Breathnaítear ar leibhéal 2 in PISA mar an leibhéal is íse inniúlachta is gá chun a bheith rannpháirteach san oideachas, sa saol oibre agus sa tsochaí sa todhchaí.

## An Léitheoireacht

In PISA 2012, léirítear sa léitheoireacht phriontála, go bhfeidhmíonn 9.6% de scoláirí na hÉireann faoi bhun Leibhéal 2 i gcomparáid le 18% ar fud na dtíortha uile de chuid an ECFE. Sa léitheoireacht dhigiteach, tá an líon de scoláirí na hÉireann a fheidhmíonn faoi bhun leibhéal 2 ag 9.4% agus tá sé cuid mhaith níos ísle ná an meán de 17.6% ar fud na dtíortha uile de chuid an ECFE.

## An Mhatamaitic

In PISA 2012 freisin léirítear go bhfuil líon scoláirí atá cuid mhaith níos ísle (16.9%) ag feidhmiú faoi bhun leibhéal 2 ar an scála foriomlán sa mhatamaitic phriontála i gcomparáid le meán an an ECFE de 23%. Tá céatadán scoláirí na hÉireann a aimsíonn marcanna faoi bhun Leibhéal 2 sa mhatamaitic ríomhchuidithe ag 17.9%, céatadán atá beagán faoi bhun mheán an ECFE de 20%.

## An Eolaíocht

Tá 11% de scoláirí na hÉireann ag feidhmiú faoi bhun Leibhéal 2 ar an scála eolaíochta, céatadán atá cuid mhaith faoi bhun mheán comhfhreagrach an ECFE de 17.8%.

<sup>4</sup> Suirbhé an AE ar an Lucht Saothair:

<http://epp.eurostat.ec.europa.eu/tgm/table.do?tab=table&init=1&plug-in=1&language=en&pcode=tsdsc410>

<sup>5</sup> D'fhoilsigh an ECFE An tOideachas ar aon Amharc Amháin (EAG) is déanaí i mí Mheán Fómhair 2014. Is féidir EAG a íoslódáil anseo: <http://www.oecd.org/edu/eag.htm>

<sup>6</sup> PIAAC: Mar chuid dá Chlár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí d'Aoisigh (PIAAC), bailíonn an ECFE sonraí agus déantar anailís orthu trína Shuirbhé ar Scileanna d'Aoisigh agus tá tuilleadh eolais ar fáil ar <http://www.oecd.org/site/piaac/>

<sup>7</sup> EU 2020 : [http://epp.eurostat.ec.europa.eu/statistics\\_explained/index.php/Europe\\_2020\\_indicators\\_-\\_education](http://epp.eurostat.ec.europa.eu/statistics_explained/index.php/Europe_2020_indicators_-_education)

# Cuid de phríomhghnéithe na hearnála

## An Buiséad

- ➔ Buiséad 2015 don Oideachas agus Oiliúint (gan an Ciste Náisiúnta oiliúna san áireamh) €8.6 billiún
- ➔ Pá/Pinsin €6.4 billiún (74%)
- ➔ Neamhphá €1.58 billiún (18%)
- ➔ Caipiteal €0.568 billiún (7%)
- ➔ 16.1% de chaiteachais an Rialtais

## Déimeagrafaic

- ➔ Tá fás suntasach tar éis teacht ar an rollú le blianta beaga anuas. Tháinig fás de bhreis agus 171,000 ar an rollú in oideachas lánaimseartha ag gach leibhéal, ón scoilbhliain 2004/05 i leith.
- ➔ Tá fás de 30% tar éis teacht ar an rollú lánaimseartha san ardoideachas le 9 mbliana anuas agus táthar ag súil le méadú de bheagnach 27% ar an éileamh ar ionaid faoi 2027.
- ➔ Táthar ag súil go leanfaidh an méadú sa rollú sna deich mbliana seo amach romhainn.
- ➔ Tá laghdú ag teacht i gcónaí ar an ráta dífhostaíochta agus tá sé ag 9.7% i mí an Mheithimh 2015.

## Soláthar Foirne

- ➔ Tá aon trian d'fhostaithe iomlána na hearnála poiblí ag obair san earnáil oideachais agus oiliúna.
- ➔ Soláthraíodh níos mó ná 1,000 múinteoir breise don scoilbhliain 2014/15 chun freastal ar na riachtanais a bhaineann le breis daltaí a bheith sna scoileanna.

# Réimsí tosaíochta i gcomhair gnímh

## An Fhoghlaim don Saol

Tá córas oideachais agus oiliúna ag teastáil uainn a thugann eolas agus scileanna do gach foghlaimeoir atá de dhíth orthu le bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus sa gheilleagar.

## Ag Feabhsú Cáilíochta agus Cuntasachta

Táimid ag iarraidh oideachas agus taithí oiliúna atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil do gach duine agus feabhas a chur ar an gcuntasacht maidir le torthaí oideachais ar fud an chórais.

## díríte ar leasuithe ar an gcóras iomlán

I dtaighde idirnáisiúnta léirítear gurb é an bealach is éifeachtaí le hathruithe suntasacha a sholáthar ná trí leasú a dhéanamh ar an gcóras iomlán. Bíonn tionchar ag na straitéisí um leasú sna córais uile orthu seo a leanas:

- ➔ Gach foghlaimeoir
- ➔ Gach múinteoir
- ➔ Gach scoil agus coláiste

## Ag tacú leis an gCuimsiú agus leis an Éagsúlacht

Tá córas oideachais agus oiliúna ag teastáil uainn a chuireann fáilte roimh fhoghlaimeoirí agus a chuireann foghlaimeoirí faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais speisialta acu, foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste, agus iad siúd a bhfuil éagsúlachtaí teanga, cultúrtha agus sóisialta acu, san áireamh go sonrach.


## Na Córais Chearta agus an Bonneagar Ceart a thógáil

Tá córas oideachais agus oiliúna ag teastáil uainn atá nua-aimseartha agus solúbtha agus a bhaineann an tairbhe is fearr as na hacmhainní atá ar fáil.

# Na buntáistí a bhaineann le soláthar seirbhíse agus le leasú

## Na buntáistí d'Éirinn

- ➔ Ag cur le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na hÉireann
- ➔ Ag cuidiú le sochaí níos cothromasaí a chruthú
- ➔ Ag cur le híomhá idirnáisiúnta na hÉireann
- ➔ Ag cinntiú go bhfanann 'Tallan' na hÉireann mar phríomhphointe díolacháin maidir le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach á mealladh.
- ➔ Mic léinn idirnáisiúnta a mhealladh, a chuireann go mór leis an ngeilleagar áitiúil agus ar féidir leo naisc shóisialta agus eacnamaíocha a choinneáil le hÉirinn sa todhchaí
- ➔ Lucht saothair oilte le cur leis an iomaíochas atá ag cuideachtaí na hÉireann chomh maith le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhealladh
- ➔ Luach ar airgead agus éifeachtúlacht don cháiniócóir a bhaint amach



## Na Buntáistí atá ann d'Fhoghlaimeoirí

- ➔ Foghlaimeoirí a chumasú lena lánacmhainneacht a bhaint amach agus a ndeiseanna sa saol a fheabhsú
- ➔ Foghlaimeoirí a chumasú leis an eolas cuí agus na scileanna criticiúla a fháil, an litearthacht agus an uimhearthacht, an smaointeoireacht chríticiúil agus an chumarsáid ina measc
- ➔ Foghlaimeoirí a chumasú le hiompraíochtaí, dearchtaí agus luachanna a fhorbairt chun gníomhú mar shaoránaigh fhreagracha agus le bheith solúbtha agus láidir
- ➔ Foghlaimeoirí a chumasú le foghlaim conas foghlaim agus forbairt a dhéanamh ar dhearcadh dearfach i dtreo na foghlama ar feadh an tsaoil
- ➔ Leis an soláthar oideachais agus oiliúna cuirtear torthaí níos cothromasaí ar fáil do gach foghlaimeoir
- ➔ Tá meas ar ghuth an scoláire a thabharfaidh tacaíocht do dhaoine aonair agus iad i mbun an turais chun foghlama ar feadh an tsaoil ar fud na hearnála oideachais agus oiliúna
- ➔ Ag cur deiseanna foghlama níos solúbtha ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus ag baint na gconstaicí i dtreo an dul chun cinn atá á dhéanamh idir na leibhéil oideachais agus oiliúna

## Na Buntáistí atá ann do Mhúinteoirí

- ➔ Ag cur réamhoideachais do mhúinteoirí ar fáil atá ar ardchaighdeán agus atá iomchuí agus beacht
- ➔ Ag cur leibhéil nua d'fhéinriar gairmiúil ar fáil
- ➔ Ag cur pobail chleachtais ar fáil i scoileanna atá ceaptha chun an feabhsú leanúnach a chothú
- ➔ Múinteoirí a chumasú leis na foghlaimeoirí a éascú agus a chumhachtú
- ➔ Múinteoirí a chumasú le bheith mar chleachtóirí athmhachnamhacha agus mar fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil



# An Fhoghlaim don Saol:

Tá córas oideachais agus oiliúna ag teastáil uainn a thugann eolas agus scileanna do gach foghlaimeoir atá de dhíth orthu le bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus sa gheilleagar.

- ⇒ Feabhas a chur ar an taithí oideachais do leanaí idir 0 agus 6 bliana d'aois
- ⇒ Feabhas a chur ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta na leanaí agus na ndaoine óga atá ar scoil
- ⇒ Athrú a dhéanamh ar an tSraith Shóisearach i i ngach scoil dara leibhéal
- ⇒ Bunathrú a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim na Matamaitice sna scoileanna dara leibhéal
- ⇒ Nuachóiriú a dhéanamh ar an gCóras Ardoideachais
- ⇒ Deiseanna breisoideachais agus oiliúna a chur ar fáil atá ar ardchaighdeán

# Feabhas a chur ar an taithí oideachais do leanaí idir 0 agus 6 bliana d'aois

## A bhfuil á dhéanamh againn

Táimid ag tacú leis an gCreat don Churaclam Luath-óige, ar a dtugtar Aistear, a chur i bhfeidhm. Déanfar Aistear a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta i réamhscoileanna, i gcreiseanna, i ranganna naíonán na mbunscoileanna agus i dtithe na leanaí iad féin. Chun tacú le cleachtóirí lena chur i bhfeidhm, foilseoidh an CNCM treoir chleachtaidh do Chreat Aistear bunaithe ar an ngréasán. Foilsíodh céim a haon den treoir ar líne i mí an Mhárta 2015.

## An Fáth

Is mian linn tacú le taithí atá dúshlánach agus taitneamhach a sholáthar ionas go mbeidh gach leanbh óg in ann fás suas agus forbairt a dhéanamh mar fhoghlaimeoirí cumasacha agus muiníneacha laistigh de thimpeallachtaí grámhara agus oiliúnacha.



# Feabhas a chur ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta na leanaí agus na ndaoine óga atá ar scoil

## A bhfuil á dhéanamh againn

Tá Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta 2011 -2020 á cur i bhfeidhm againn lena n-áirítear an méid ama a chaitear ar an léitheoireacht, an scríbhneoireacht agus an mhatamaitic i mbunscoileanna a mhéadú, athruithe a dhéanamh sa churaclam scoile, an litearthacht dhigiteach a fhorbairt agus an bealach ina gcuirtear múinteoirí faoi oiliúint a athrú.

Tá líon spriocanna feabhsaithe atá le baint amach faoi 2020 san áireamh sa Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta. Tá abhreithniú eatramhach ar an straitéis beartaithe do 2015 chun an dara leath de shaolré na straitéise a threorú.

## An Fáth

Gan na scileanna litearthachta agus uimhearthachta, tá duine óg nó aosach scartha amach ó bheith rannpháirteach go hiomlán i ngnéithe éagsúla den saol agus tá siad scartha amach ó bheith rannpháirteach, agus ionchur a bheith acu, i lear mór gnéithe den tsochaí agus den chultúr ina maireann siad. Níl daoine óga agus aosaigh nach bhfuil go leor scileanna litearthachta agus matamaitice acu in ann páirt iomlán a ghlacadh i gcúrsaí scolaíochta ná i gcúrsaí breisoideachais ná ardoideachais, agus níl mórán deiseanna acu poist agus gairmeacha beatha a fháil a bhfuil siad sásta iontu. Is tairbhe é do shochar níos córa agus níos cothromasaí má bhíonn litearthacht agus uimhearthacht níos fearr ann do dhaoine aonair.

# Athrú a dhéanamh ar an tSraith Shóisearach i ngach scoil dara leibhéal

## A bhfuil á dhéanamh againn

Tá an tSraith Shóisearach nua ceaptha chun cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn, i measc nithe eile. Tacóidh sé le foghlaimeoirí foghlaim conas foghlaim a dhéanamh agus a bheith freagrach as a gcuid foghlama féin. Cuireadh tús leis an gcéad chéim den Leasú ar an tSraith Shóisearach i mí Mheán Fómhair 2014 nuair a tugadh isteach an Béarla. Rachaidh feidhmiú an mhórleasaithe seo ar aghaidh i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais.

Thar thréimhse ama, tabharfar isteach an cur chuige déach do gach ábhar sa tSraith Shóisearach. Beidh measúnú bunaithe ar an seomra ranga i gceist leis seo thar na trí bliana agus scrúdú deiridh a mheasfar go seachtrach agus a bheidh teistithe ag an Stát. Déanfaidh sé seo an chothromaíocht chuí idir scoláirí a ullmhú do na scrúduithe agus an fhoghlaim atá bunaithe ar smaointeoireacht chruthaitheach a chumasú chomh maith le torthaí níos fearr a bhaint amach do scoláirí.

Beidh dhá cháilíocht náisiúnta ann. Beidh an chéad cheann, ag Leibhéal 3 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, ann in áit an Teastais Shóisearaigh. Déanfar an

dara ceann, ag Leibhéal 2, a dhearadh do scoláirí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta faoi leith acu. Gheobhaidh gach scoláire Próifíl Ghnóthachtála an Teastais Shóisearaigh a léireoidh foghlaim an scoláire thar na trí bliana.


## An Fáth

Is é atá sa Teastas Sóisearach anois ná 'rith tástála' don Ardteistiméireacht agus an iomarca béime ar fhoghlaim do na scrúduithe.

Is é an fócas atá againn agus an tSraith Shóisearach á leasú a chinntiú:

- Go mbainfidh scoláirí inniúlacht amach in ocht gcinn de scileanna bunúsacha
- Go gcuirimid feabhas ar cháilíocht na foghlama atá ar siúl
- Go n-éiríonn linn torthaí litearthachta agus uimhearthachta níos fearr a bhaint amach
- Go mbainimid amach taithe oideachais atá leathan agus cothrom

Beidh níos lú béime ar na scrúduithe 'ardriosca', a thabharfaidh níos mó spáis agus níos mó ama do na scoileanna le haird na scoláirí a dhíriú ar fhoghlaim níos doimhne a gcuirfidh measúnú foirmitheach bonn eolais faoi.



# Múineadh agus foghlaim na Matamaitice a bhunathrú i scoileanna dara leibhéal

## A bhfuil á dhéanamh againn

Tá curaclam nua matamaitice curtha i bhfeidhm go hiomlán. Tá na sonruithe nua don tSraith Shóisearach agus don tSraith Shinsearach sa mhatamaitic ar fáil anois agus tá siad curtha i bhfeidhm i ngach iar-bhunscoil. Bhí na scrúduithe in 2015 do gach iarrthóir i scrúduithe na hArdteistiméireachta agus i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh bunaithe go hiomlán ar an sonrú nua.

## An Fáth

Is mian linn tuiscint na scoláirí ar an matamaitic a fheabhsú agus conas an mhatamaitic a úsáid sa ghnáthshaol.

Is mian linn freisin líon na scoláirí a thógann an mhatamaitic ag an ardleibhéal san Ardteistiméireacht a mhéadú agus a suim i ngairmeacha a éilíonn eolas ar an matamaitic a mhúscailt.

# Nuachóiriú a dhéanamh ar an gCóras Ardoideachais

## A bhfuil á dhéanamh againn

Tríd an Straitéis Náisiúnta Ardoideachais, a fheidhmíú tá sé mar aidhm againn an córas ardoideachais a fhorbairt sa chaoi go mbeidh an fhaisnéis agus na scileanna atá riachtanach ag daoine chun saol sásta tairbheach a chaitheamh agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shóisialta agus gheilleagracha atá roimh thír na hÉireann.

## An Fáth

I measc ár gcuspóirí tá:

- Soláthar a dhéanamh do bhreis rannpháirtíochta, cothromas rochtana agus foghlaim ar feadh an tsaoil san ardoideachas,
- Teagasc agus foghlaim den scoth agus cáilíocht thaithe an mhic léinn agus deiseanna
- Rannpháirtíocht fheabhsaithe le fiontraíocht agus leis an bpobal agus malartú eolais leabaithe
- Taighde agus nuálaíocht d'ardcháilíocht atá iomaíoch go hidirnáisiúnta

# Breisoideachas, oiliúint agus deiseanna athoiliúna d'ardcháilíocht a sholáthar ar fud earnálacha an bhreisoideachais, an ardoideachais agus na hoiliúna

## A bhfuil á dhéanamh againn

Ó 2011 i leith, tá 85 milliún euro leithdháilte ar Springboard, chun deiseanan ardoideachais a sholáthar do 21,000 cuardaitheoir poist.

Soláthróidh Springboard+2015, a chuimsíonn cúrsaí Springboard agus an clár aistríthe um scileanna TFC, 9,000 ionad breise ar 285 cúrsa le 42 soláthraí ardoideachais ar fud na hÉireann, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.

Léiríonn suirbhé a rinneadh le déanaí ar gach céimí idir 2011 agus 2014 go mbíonn 60% díobh fostaithe nó féinfhostaithe laistigh de dhá bhliain ón am a gcríochníonn siad cúrsa Springboard. Léiríonn scanadh a rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí nach bhfuil 74% díobh siúd a ghlac páirt in Springboard idir 2011 agus 2014 ar an mBeochlár níos mó.

In 2015, meastar go gcuirfear breis agus 360,000 ionad ar fáil d'fhoghlaimoírí le cláir agus seirbhísí atá maoinithe ag SOLAS. Cuirfear 50,000 ionad oiliúna ar fáil trí chláir bhreisoideachais, ardoideachais agus oiliúna chun freastal ar na riachtanais atá acu siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach.

## An Fáth

Is mian linn oideachas agus oiliúint d'ardcháilíocht a chur ar fáil:

- ina mbeidh deiseanna fostaíochta ann do dhaoine dífhostaithe agus dóibh siúd go háirithe atá dífhostaithe go fadtéarmach agus do dhaoine óga atá faoi bhun 25 bliain d'aois
- a éascaíonn an dul chun cinn ón scoil go dtí an breisoideachas agus an t-ardoideachas
- a chomhlíonann riachtanais fostóirí
- a chuidíonn leo siúd atá fostaithe athoiliúint a fháil agus a gcuid scileanna a nuashonrú chun a gcuid infhostaitheachta a choinneáil, agus cur le rath an ghnó
- a chuidíonn le daoine aonair feabhas a chur ar a saol agus ar na pobail ina bhfuil siad

# Feabhas a chur ar an gCáilíocht agus ar an gCuntasacht:

Táimid ag iarraidh oideachas agus taithí oiliúna atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil do gach duine agus feabhas a chur ar an gcuntasacht maidir le torthaí oideachais ar fud an chórais.

- ➔ **Ag tacú le feabhsuithe cáilíochta san earnáil Luathbhlianta**
- ➔ **Cúrsaí tosaigh oideachais do mhúinteoirí a leasú do gach múinteoir nua**
- ➔ **Gach múinteoir a fhorbairt mar ghairmí**
- ➔ **Eiseamláirí nua den chigireacht scoile a chur i bhfeidhm i ngach scoil**
- ➔ **An Fhéinmheastóireacht Scoile a thabhairt isteach i ngach scoil**
- ➔ **SOLAS, an t-údarás breisoideachais agus oiliúna, a bhunú,**
- ➔ **Measúnú agus tuairisciú ar dhul chun cinn scoláirí a fheabhsú**
- ➔ **Athbhreithniú a dhéanamh ar an oiliúint phrintíseachta**
- ➔ **Creat Feidhmíochta nua a thabhairt isteach don Earnáil Ardoideachais**
- ➔ **Straitéis Nua Oideachais Idirnáisiúnta a fhorbairt**

## Ag tacú le feabhsuithe cáilíochta in earnáil na Luathbhlianta

### A bhfuil á dhéanamh againn

Tá an Roinn ag obair go dlúth leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le feabhsú cáilíochta laistigh d'earnáil na luathbhlianta. Tacófar le feidhmiú Better Start, an tseirbhís nuabhunaithe um thacaíocht cháilíochta don earnáil a bhainfidh feidhm as foireann de speisialtóirí luathbhlianta mar mheantóirí/mar chomhairleoirí chun oibriú leis na seirbhísí luathbhlianta ar fheabhsú cáilíochta.

I mí an Mhárta 2015, d'fhoilsigh an CNCM céim a haon de Threoir Phraiticiúil ina bhfuil dhá chéim chun tacú le Síolta, an Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-óige, a chur i bhfeidhm. Tá réimse d'acmhainní idirghníomhacha agus d'ábhair ar fáil sa Treoir Chleachtaidh chun tacú leis an gcáilíocht sa chleachtadh.

Tá eiseamláir chigireachta á tabhairt isteach againn freisin a dhéanfaidh comhlánú ar obair na cigireachta sa Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus a dhíreoidh ar thorthaí oideachais do leanaí sa bhliain réamhscolaíochta saor in aisce.

### An Fáth

Má chuirtear le scileanna an lucht saothair cabhróidh sé seo le feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhíse a fhaigheann lapadáin agus leanaí.

Tá Síolta deartha chun tacú le cleachtóirí seirbhísí d'ardcháilíocht a fhorbairt do leanaí ón uair a saolaíodh iad go dtí go mbíonn siad sé bliana d'aois agus a bhaineann le gach suíomh ina gcaitheann leanaí am lasmuigh dá dtimpeallacht bhaile.

## Cúrsaí oideachais tosaigh do mhúinteoirí a leasú do gach múinteoir nua

### A bhfuil á dhéanamh againn

Tá clár ollmhór athchóirithe ar chúrsaí oideachais tosaigh do mhúinteoirí á chur i bhfeidhm againn mar chuid den Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta. Tá feabhsú suntasach agus substaintiúil déanta ar chúrsaí oideachais tosaigh do mhúinteoirí ag an mbunleibhéal agus ag an leibhéal iar-bhunscoile, lena n-áirítear athchum rú ar ábhar mórán cúrsaí chomh maith le fad a chur leo.

### Cén Fáth

Tá athruithe á ndéanamh againn ar chúrsaí oideachais do mhúinteoirí lena chinntiú go bhfaigheann oidí faoi oiliúint níos mó taithí teagaisc atá teagmhálach agus praiticiúil le linn a gcuid staidéir agus le fócas níos mó ar an staidéar ar an oideachas agus an litearthacht, an uimhearthacht agus an measúnú.

## Gach múinteoir a fhorbairt mar ghairmí

### A bhfuil á dhéanamh againn

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta ag obair ar líon tionscnamh chun cáilíocht na múinteoireachta a choinneáil agus a fheabhsú. Tá an Bille um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú) 2015 ag dul trí Thithe an Oireachtais faoi láthair. Nuair a bheidh sé achtaithe, beidh sprioc shuntasach bainte amach ag an gComhairle, mar chomhlacht um chaighdeán ghairme don mhúinteoireacht in Éirinn. Déanfaidh an Bille leasú ar na hAchtanna um

Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2012 sna réimsí a bhaineann le hOiriúnacht don Mhúinteoireacht agus le Grinnnfhiosrúchán an Gharda Síochána

### An Fáth

Tá ról lárnach ag cáilíocht na múinteoireachta maidir le cáilíocht na taithí foghlama a fheabhsú dár gcuid foghlaimeoirí go léir, ón oideachas luath-óige go dtí an t-oideachas aosach.

## Eiseamláirí nua den chigireacht scoile a chur i bhfeidhm i ngach scoil

### A bhfuil á dhéanamh againn

Tá réimse eiseamláirí cigireachta á bhforbairt againn, lena n-áirítear cigireachtaí gearra gan réamhfhógra agus réimse de chigireachtaí ar aon dul le cigireachtaí ar an scoil uile. Tugadh isteach eiseamláirí nua de chigireacht scoile do bhunscoileanna in 2012 agus tá iarchigireachtaí foirmiúla á dtabhairt isteach. Díreoidh an obair in 2015 ar chlár cuimsitheach measúnaithe a chur i bhfeidhm go leanúnach ag úsáid réimse d'eiseamláirí nua agus d'eiseamláirí a ndearnadh athchóiriú orthu le déanaí, ar threoirilínte tacaíochta agus rialacháin a athmheas, agus ar ghnéithe nua a bhaineann le measúnú curaclaim, leas scoláirí agus cigireacht ar sholáthar oideachais speisialta a fhorbairt agus a chur chun cinn ar bhonn píolótach.

### An Fáth

Leis na heiseamláirí nua den chigireacht scoile beimid in ann líon na gcigireachtaí a dhéantar gach bliain a mhéadú agus beidh siad mar chabhair dúinn freisin chun díriú isteach níos éifeachtaí ar na scoileanna sin a bhfuil an cuidiú is mó de dhíth orthu.

# An Fhéinmheastóireacht Scoile a thabhairt isteach i ngach scoil

## A bhfuil á dhéanamh againn

Tá an eiseamláir féinmheastóireachta á feidhmiú againn go céimneach ar bhonn leanúnach do gach bunscoil agus iar-bhunscoil. Leagann an eiseamláir féinmheastóireachta nua amach sraith shoiléir de chaighdeáin i gcomhair scoileanna agus díríonn sí ar thorthaí don fhoghlaim, agus é mar chuspóir aici feabhsú scoile a chumasú. Díreoidh obair na bliana seo ar thacú le scoileanna chun na critéir a sholáthraítear i dTreoirínte don Fhéinmheastóireacht Scoile (SSE) a úsáid chun na háiteanna in bhfuil feabhas de dhíth a chinneadh agus chun spriocanna atá réalaióch agus intomhaiste a shocrú chun foghlaim scoláirí/mic léinn a fheabhsú.

## An Fáth

Is mian linn go mbeadh scoileanna níos freagraí agus níos cuntasáí maidir lena gcuid torthaí oideachais. Is mian linn go mbeadh ceannairí scoile, múinteoirí agus boird á gceistiú féin de shíor maidir leis an gcaoi a bhféadfaidís na torthaí a fheabhsú d'fhoghlaiméirí agus go rachaidís i gcomhairle go tráthrialta le tuismitheoirí agus le scoláirí faoina gcuid tuairimí siúd ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama sa scoil. Tá cleachtas athmhachnamhach den chineál seo thar a bheith éifeachtach maidir le caighdeáin a fheabhsú i scoileanna.

# SOLAS, an tÚdarás nua breisoideachais agus oiliúna a bhunú

## A bhfuil á dhéanamh againn

Tá SOLAS bunaithe againn mar chomhlacht nua maoriseachta agus maoinithe don earáil Bheisoideachais agus Oilíúna. Foilsíodh an chéad Straitéis Bheisoideachais agus Oilíúna riamh i mí na Bealtaine 2014. Cuirfidh an Straitéis bonn eolais faoin maoiniú don earáil ar bhealach a leagann béim ar thorthaí ardcháilíochta ó na cláir.

## An Fáth

Cuirfidh SOLAS pleanáil réigiúnach atá chomhleanúnach agus comhtháite ar fáil ar fud an bheisoideachais, na hoiliúna agus an ardoideachais agus cinnteofar go mbeidh cláir oideachais agus oiliúna d'ardcháilíocht atá solúbtha agus freagrúil ar fáil ag an leibhéal áitiúil.

# Measúnú agus tuairisciú ar dhul chun cinn scoláirí a fheabhsú

## A bhfuil á dhéanamh againn

Tá úsáid bhreise á baint againn as trialacha caighdeánaithe don léitheoireacht, don scríbhneoireacht agus don mhatamaitic i mbunscoileanna. Tá sonraí do 2013/2014 seolta chuig an Roinn ag gach bunscoil. Tabharfar isteach trialacha comhchosúla sa tsraith shóisearach ar mhodh céimnithe, tar éis athbhreithniú a dhéanamh agus nuair a bheidh na measúnuithe nua don tsraith shóisearach leabaithe.

## An Fáth

Cuirfidh úsáid na dtrialacha caighdeánaithe ar chumas scoileanna dul chun cinn na leanaí a rianú. Beimid ábalta freisin an dul chun cinn ar an leibhéal náisiúnta a rianú. Tá na tuairiscí a thugtar do thuismitheoirí maidir le dul chun cinn leanaí á bhfeabhsú freisin.

# Athbhreithniú a dhéanamh ar an oiliúint phrintíseachta

## A bhfuil á dhéanamh againn

Foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe neamhspleách ar an oiliúint phrintíseachta i mí Eanáir 2014. Tá líon mór moltaí sa tuarascáil chun printíseachtaí a leathnú amach chuig earálacha nua agus chun an córas printíseachta atá ann faoi láthair a nua-aosiú. Foilsíodh plean feidhmithe don phrintíseacht i mí an Mheithimh 2014. Déanfar caighdeáin agus curaclaim nua a fhorbairt agus a fheidhmiú go céimneach in 2015. Thug an Chomhairle Phrintíseachta faoi ghlaoh ar thograí ó fhostóirí agus ó sholáthraithe oideachais

chun cláir phrintíseachta a fhorbairt i réimsí nua. Bhí freagairt an-mhaith don ghlaoh agus déanfar réimse de thograí a cheadú i gcomhair forbartha.

## An Fáth

Tá leasuithe aimsithe san athbhreithniú a chinnteoidh go mbeidh printíseigh nuacháilithe i suíomh maith le fostaíocht íoctha a aimsiú nuair a thagann deireadh lena gcuid oiliúna, agus go mbeidh an córas níos mó i gcomhréir le riachtanais mhargadh an tsaothair.

# Creat Feidhmíochta Nua a thabhairt isteach don Chóras Ardoideachais

## A bhfuil á dhéanamh againn

Baineann feidhmiú na Straitéise Náisiúnta Ardoideachais le córas nua rialachais a fheidhmiú agus creat nua feidhmíochta.

Tá Creat nua Feidhmíochta Córais do 2014-16 i bhfeidhm anois. Bhí an creat seo mar bhonn leis an Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht Chórais a leagann amach dul chun cinn in aghaidh spriocanna.

Mar chuid de chur i bhfeidhm na Straitéise Ardoideachais, tá Fóram Náisiúnta bunaithe againn chun tacú le feidhmiú na bpríomhthionscnamh sna réimsí teagaisc agus foghlama.

## An Fáth

Tacóidh an córas rialachais agus feidhmíochta nua le trédhearcacht agus cuntasacht na hearnála ardoideachais chun na spriocanna náisiúnta ar an iomlán a bhaint amach agus úsáid na gcistí poiblí go háirithe.

Leis an bhFóram cuirfear bonneagar ar fáil ag leibhéal an chórais chun cur le teagasc agus foghlaim in institiúidí ardoideachais agus cuirfidh sé tionscnaimh chun cinn sna réimsí um fhorbairt ghairmiúil, um sholáthar solúbtha agus um fhorbairt ar acmhainn dhigiteach agus úsáid na teicneolaíochta

# Straitéis Nua Oideachais Idirnáisiúnta a fhorbairt

## A bhfuil á dhéanamh againn

Tá athbhreithniú ar Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta na hÉireann 2010 - 2015 pléite ag an nGrúpa Ardleibhéil ar an Oideachas Idirnáisiúnta. Foilseofar torthaí an athbhreithnithe seo mar chuid den Straitéis Nua ar an Oideachas Idirnáisiúnta atá le seachadadh níos déanaí sa bhliain.

## An Fáth

Ceadóidh an Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta nua d'Éirinn forbairt a dhéanamh ar a cáil mar thír den scoth maidir le hoideachas idirnáisiúnta d'ardcháilíocht a sheachadadh, trí thaithí uathúil agus luach fadtéarmach a chur ar fáil do mhic léinn.



**Ag tacú leis an gCuimsiú agus leis an Éagsúlacht**  
Tá córas oideachais agus oiliúna ag teastáil uainn a chuireann fáilte roimh fhoghlaimoirí agus a chuireann foghlaimoirí faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais speisialta acu, foghlaimoirí faoi mhíbhuntáiste, agus iad siúd a bhfuil éagsúlachtaí teanga, cultúrtha agus sóisialta acu, san áireamh go sonrach.

- ➔ **Tacaíochtaí breise a chur ar fáil do mhic léinn a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu agus atá faoi mhíchumas**
- ➔ **Tacaíochtaí breise a chur ar fáil chun dul i ngleic le míbhuntáistí oideachais**
- ➔ **Creatlach rialála nua a thabhairt isteach don rollú scoile**
- ➔ **Méadú a dhéanamh ar rogha an chineáil bhunscoile**
- ➔ **Cinneadh a dhéanamh faoi phátrúnacht scoileanna nua bunaithe ar éileamh ó thuismitheoirí**
- ➔ **Cairt Tuismitheoirí a Fhorbairt**

## **Tacaíochtaí breise a chur ar fáil do mhic léinn a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu agus atá faoi mhíchumas**

### **A bhfuil á dhéanamh againn**

Cuirimid €1.3 billiún ar fáil go bliantúil chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu agus atá faoi mhíchumas. Cuirtear tacaíochtaí iomadúla ar fáil leis na cistí seo, lena n-áirítear múinteoirí tacaíochta foghlama agus acmhainne, Cúntóirí Riachtanas Speisialta (SNAanna) agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

Déanfaidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) 6,454 post do mhúinteoirí acmhainne a leithdháileadh chuig scoileanna do mhí Mheán Fómhair 2015, - méadú de 554 - nó 9.4% - ó mhí Mheán Fómhair 2014. Ó Mheán Fómhair 2015 beidh 11,820 post lánaimseartha SNA ar fáil inár mbunscoileanna agus inár n-iar-bhunscoileanna. Sin ardú de 11.7% ó 2011.

I gcomhar leis an NCSE tá samhail nua maidir le Múinteoirí do Riachtanais Speisialta Oideachais a leithdháileadh chuig scoileanna á forbairt againn, sa chaoi go mbeidh neamhspleáchas níos mó ag scoileanna maidir le cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a ndéantar

na hacmhainní seo a úsáid agus a bhainistiú chun a chinntiú go ndéanfar riachtanais na leanaí le Riachtanais Speisialta Oideachais a shásamh.

Mar ullmhúchán don tsamhail nua tá clár píolótach forbartha againn agus déanfar é a fheidhmiú ar bhonn céimnithe in 50 scoil sa tréimhse scoilbhliana 2016/2017. Déanfaidh an clár píolótach cúnaimh a thabhairt i bhforbairt na samhla nua agus go háirithe maidir le treoir agus comhairle a ullmhú do scoileanna, a bheidh mar dhlúthchuid den tsamhail nua. Beidh comhairliúchán leis na Comhpháirtithe Oideachais agus leis na scoileanna rannpháirteacha mar ghné den tsamhail.

### **An Fáth**

Leanfaimid de bheith ag soláthar tacaíochtaí do leanaí agus do scoláirí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu agus atá faoi mhíchumas, chun iad a chumasú le saol iomlán agus neamhspleách a bheith acu chun gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach, cur lena bpobail agus leanúint ag foghlaim le linn a saoil.



# Tacaíochtaí breise a chur ar fáil chun dul i ngleic le míbhuntáistí oideachais

## A bhfuil á dhéanamh againn

Tacaímid le DEIS (Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh), an Plean Gníomhaíochta um Chuimsiú Oideachasúil, a chur i bhfeidhm. Foilsíodh 'Ag foghlaim ó DEIS – tuarascáil ar fheidhmiú DEIS le deich mbliana anuas i mí Aibreáin 2015 agus tugann sí breac-chuntas ar roinnt torthaí dóchasacha maidir le feidhmíocht scoileanna a fhreastalaíonn ar an dlús is mó de mhíbhuntáiste oideachasúil.

Tá tús curtha ag an Roinn le hathbhreithniú ar chlár DEIS chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt bearta agus tacaíochtaí cuí sa todhchaí chun míbhuntáiste oideachasúil a throid. Beidh comhairliúchán leis na comhpháirtithe oideachais i gceist san athbhreithniú seo.

Cuirimid an rochtain ar an ardoideachas do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus faoi ghannionadaíocht chun cinn trí thacú leis an bPlean Náisiúnta um Rochtain ar an Ardoideachas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tá an chéad phlean rochtana eile le seoladh i lár 2015.

## An Fáth

Chun cur le forbairt sochaí atá níos cothromasaí agus chun tacú leo siúd a bhfuil baol níos mó ann nach n-éireoidh leo i gcúrsaí oideachais.

Tá sé mar aidhm againn dul chun cinn a dhéanamh i dtreo chuspóir Phróiseas Bologna go léiríonn na mic léinn a thosaíonn san ardoideachas, a bhíonn rannpháirteach ann agus a chríochnaíonn é ag gach leibhéal éagsúlacht dhaonra na hÉireann.

# Creatlach rialála nua a thabhairt isteach don rollú scoile

## A bhfuil á dhéanamh againn

Tá reachtaíocht nua forbartha againn chun buntacú le cleachtais rollaithe scoile. Foilsíodh an Bille Oideachais (Iontráil ar Scoil) 2015 i mí Aibreáin na bliana seo. Beidh an Bille ag déanamh a bhealaigh trí Thithe an Oireachtais le linn 2015.

## An Fáth

Is mian linn a chinntiú go bhfuil an próiseas a bhaineann le leanaí a rollú i scoileanna níos oscailte, níos cothromasaí agus níos comhsheasmhaí.

# Méadú a dhéanamh ar rogha an chineáil bhunscoile

## A bhfuil á dhéanamh againn

Táimid ag tacú le próiseas a bhaineann le pátrúnacht scoileanna Caitliceacha a dhídhísiú in 28 ceantar. Tá iarrtha ar na pátrúin Chaitliceacha i ngach ceann de na ceantair seo roghanna a chur san áireamh leis na scoileanna atá faoina mbainistíocht a athchumrú ionas gur féidir an scoil a aistriú chuig soláthraí pátrúin nua. Idir Meán Fómhair 2014 agus Meán Fómhair 2015, beidh naoi gcinn de bhunscoileanna nua oscailte faoin bpróiseas seo.

## An Fáth

Is mian linn rogha an chineáil bhunscoile a mhéadú i gceantair ina bhfuil dóthain éilimh ó na tuismitheoirí do rogha pátrúin scoile níos leithne.

# Cinneadh a dhéanamh faoi phátrúnacht scoileanna nua bunaithe ar éileamh ó thuismitheoirí

## A bhfuil á dhéanamh againn

In 2011, cuireadh critéir agus socruithe nua i bhfeidhm maidir le haitheantas a thabhairt do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna nua. Agus iarratas á dhéanamh le bheith mar phátrún ar cheann amháin de na 40 scoil nua atá á mbunú thar tréimhse 6 bliana ó 2011, ní mór do na forais phátrúnachta cruthúnas a chur ar fáil go bhfuil éileamh ann ó na thuismitheoirí don chineál scoile atá molta. Oslófar ceithre cinn de bhunscoileanna nua i mí Mheán Fómhair 2015 agus an phátrúnacht socraithe faoin bpróiseas cinnte phátrúnachta, a neartóidh éagsúlacht an tsoláthair sna ceithre cheantar.

## An Fáth

Béim níos mó a chur ar rogha na dtuismitheoirí agus scoileanna nua á mbunú agus le bheith in ann dul i dtreo córas phátrúnachta atá níos iolraíche do bhunscoileanna agus do scoileanna dara leibhéal.

# Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí a Fhorbairt

## A bhfuil á dhéanamh againn

Táimid ag cur forálacha nua reachtaíochta ar bun a chuireadh Cairt na dTuismitheoirí agus na Scoláirí.

Cuirfimid moltaí os comhair an rialtais, ina mbeidh leasuithe ar an Acht Oideachais 1998, a chuirfidh buntaca reachtach faoi Chairt na dTuismitheoirí agus na Scoláirí.

## An Fáth

Tá sé mar chuspóir leis an gCairt suíomh na dtuismitheoirí a láidriú laistigh den chóras scoile agus an nós a athrú maidir leis an mbealach ina ndéanann scoileanna agus ina ndéanann siad teagmháil le thuismitheoirí (agus le scoláirí ar bhealach aoisoiriúnach).



# Na córais chearta agus an bonneagar ceart a thógáil:

Tá córas oideachais agus oiliúna ag teastáil uainn atá nua-aimseartha agus solúbtha agus a bhaineann an tairbhe is fearr as na hacmhainní atá ar fáil.

## ⇒ Clár Foirgníochta Scoile Cúig Bliana a Sheoladh

## ⇒ Bunachar sonraí foghlaimeoirí bunscoile agus iar-bhunscoile a chur le chéile

## ⇒ Leathanbhanda ardluais a sheoladh chuig gach scoil dara leibhéal

## ⇒ An t-aistriú ón scoil go dtí an t-ardoideachas a fheabhsú

## ⇒ Boird Oideachais agus Oiliúna

## ⇒ Athchumrú a dhéanamh ar na hInstitiúidí Ardoideachais

## ⇒ An córas nua um iarratais deontais ar líne, SUSI, a sheoladh

## ⇒ Ionaid bharrfeabhais d'oideachas múinteoirí a chruthú

## ⇒ Creat Náisiúnta na gCáilíochtaí a chur i bhfeidhm

## ⇒ Ag tacú le cur i bhfeidhm bealaí nua le hobair a dhéanamh

# An Clár Foirgníochta Scoile Cúig Bliana a Sheoladh

## A bhfuil á dhéanamh againn

Cuimsíonn an Clár Foirgníochta Scoile 275 mórthionscadal foirgníochta a chuirfear chun tosaigh thar an tréimhse ó 2012 go 2016:

- 106 bunscoil nua agus bunscoil athsholáthair
- 43 iar-bhunscoil nua agus iar-bhunscoil athsholáthair
- Ocht scoil speisialta nua
- 118 mórshíneadh le scoileanna atá ann cheana féin

Déanfar 28 mórthionscadal tógála breise (18 mbunscoil agus 10 scoil iar-bhunoideachais) a athsholáthar nó a athchóiriú mar chuid den phacáiste "Ag Infheistiú i mBonneagar agus i bPoist" de chuid an Rialtais.

Ina theannta sin, déanfaidh 16 thionscadal scoile breise (14 bhunscoil agus dhá iar-bhunscoil) athsholáthar ar chóiríocht neamhleor agus déanfaidh siad acmhainn bhreise, a bhfuil géarghá léi a sholáthar.

Táthar ag súil go ndéanfar creat infheistiúcháin caipitil ilbhliantúil don tréimhse 2016 go dtí 2020 a chomhaontú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus mar thoradh air sin go gcuirfear leithdháiltí ilbhliantúla ar fáil do gach bliain ó 2016 go dtí 2020. Táthar ag súil go bhfógrófar sonraí an chláir infheistiúcháin níos déanaí i mbliana. Ceadóidh an creat pleanáil a dhéanamh chun freastal ar an bhfás leanúnach laistigh den earnáil oideachais ina hiomláine.

## An Fáth

Soláthróidh an clár tógála scoile cúig bliana breis agus 100,000 ionad scoile buan. Beidh breis agus 80,000 ina n-ionad scoile nua agus déanfaidh an fuilleach athsholáthar ar chóiríocht shealadach nó neamhleor.

## Bunachar sonraí foghlaimoirí bunscoile agus iar-bhunscoile a chur le chéile

### A bhfuil á dhéanamh againn

Tá córais nua forbartha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar a dtugtar an Bunachar Sonraí Bunscoile ar Líne (POD) agus an Bunachar Sonraí Iar-bhunscoile ar Líne (PPOD). Is bunachair shonraí iad POD agus PPOD a choinníonn faisnéis scoláirí de réir mar a ghluaiseann siad ar aghaidh tríd an mbunscoil agus tríd an iar-bhunscoil.

### An Fáth

Cuireann na córais seo faisnéis luachmhar ar fáil maidir le forbairt beartais laistigh den Roinn. Cuidíonn siad freisin leis an ualach riaracháin ar scoileanna a laghdú.

## Leathanbanda ardluais a sheoladh i ngach scoil dara leibhéal

### A bhfuil á dhéanamh againn

Tá seoladh an leathanbanda ardluais (1000Mbps) chuig gach scoil iar-bhunoideachais curtha i gcrích. Cuireann sé seo críoch leis an tríú céim agus an chéim dheiridh den chlár náisiúnta seo a baineadh amach mar thoradh ar chomhoibriú rathúil leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Nascadh 78 scoil le linn tionscadal piolótach, nascadh 202 scoil in 2012, nascadh 216 scoil in 2013 agus nascadh an 269 scoil deiridh in 2014.

### An Fáth

I measc an mbuntáistí a bhaineann leis an leithead banda seo a bheith ar fáil i scoileanna, tá múinteoirí agus scoláirí a chumasú chun:

- úsáid a bhaint as TFC sa phróiseas teagaisc agus foghlama
- comhroinnt agus comhoibriú a dhéanamh ar líne
- úsáid a bhaint as an bhfíschomhdháil, Skype agus uirlisí cumarsáide eile ar líne
- úsáid a bhaint as spásanna foghlama agus teagaisc ar líne.

## An t-aistriú ón scoil go dtí an t-ardoideachas a fheabhsú

### A bhfuil á dhéanamh againn

Táimid ag obair leis an Údarás um Ard-Oideachas, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus le hinstiúidí ardoideachais chun an t-aistriú ón scoil go dtí an t-ardoideachas a fheabhsú.

Tá an obair seo ag díriú ar cheithre cinn d'athruithe bunúsacha a mbeidh tionchar acu ar na scoláirí a bheidh ag tabhairt faoin Ardteistiméireacht in 2017. Tabharfaidh na hathruithe seo aghaidh orthu seo a leanas:

- An méid intuarthachta a bhaineann le scrúduithe na hArdteistiméireachta
- Scála nua grádúcháin do scrúduithe na hArdteistiméireachta
- Moltaí i dtreo scála pointí comónta athbheithnithe i gcomhair iontrála chuig an ardoideachas
- Iontráil níos forleithne ag fochéimithe chuig clár ardoideachais

### An Fáth

Bhí éifeacht dhiúltach ag an mbrú atá ann pointí arda a bhaint amach ó thorthaí scrúdaithe na hArdteistiméireachta ar an gcaoi a múinteoirí agus ar an bhfoghlaim a ndíríonn siad uirthi i mbliain a cúig agus a sé sna scoileanna dara leibhéal. Leis na hathruithe atá á gcur i bhfeidhm, beidh laghdú ar an mbrú atá ann pointí arda a bhaint amach don ardoideachas agus cabhróidh sé seo leis an gcultúr 'ag foghlaim don scrúdú' i scoileanna a athrú.



## Boird Oideachais agus Oiliúna

### A bhfuil á dhéanamh againn

Tá 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna bunaithe againn in áit na 33 Coiste Gairmoideachais a bhí ann roimhe sin.

Achtaíodh an reachtaíocht leis na Boird Oideachais agus Oiliúna a bhunú agus bunaíodh na boird go foirmiúil ar an 1 Iúil 2013.

Mar chuid de bhunú na mBord Oideachais agus Oiliúna, aistríodh 19 n-ionad oiliúna ó SOLAS chuig na Boird Oiliúna agus Oideachais.

### An Fáth

Leis na Boird Oideachais agus Oiliúna déanfar soláthar agus comhordú níos fearr ar chúrsaí oideachais agus oiliúna ag an leibhéal áitiúil. Samhlaítear le hathchóiriú earnáil an bhreisoideachais agus oiliúna (FET) go mbeidh príomhról ag na Boird Oideachais agus Oiliúna maidir le seachadadh FET ar bhealach comhtháite sa todhchaí. Baineann cuid de seo le hionaid oiliúna a aistriú ó SOLAS go dtí Boird Oideachais agus Oiliúna.


## Athchumrú a dhéanamh ar na hInstitiúidí Ardoideachais

### A bhfuil á dhéanamh againn

Tá clár de leasuithe móra á chur chun cinn i gcomhréir leis an Straitéis Ardoideachais, chun feabhas a chur ar cháilíocht thaithí na scoláirí, chun feabhas a chur ar cháilíocht na dtorthaí ón gcóras agus chun cur le cuntasacht agus le húsáid éifeachtúil acmhainní. Tá Bille na nOllscoileanna Teicneolaíochta le foilsiú in 2015, faoi réir chinneadh Rialtais. Soláthraíonn sé buntaca dlíthiúil chun Institiúidí Teicneolaíochta a chumasc, Ollscoileanna Teicneolaíochta a bhunú agus athchóiriú a dhéanamh ar na comhlachtaí rialaithe sna hInstitiúidí Teicneolaíochta.

### An Fáth

Leis an gcumraíocht nua, tacófar lenár n-institiúidí ardoideachais chun comhoibriú le chéile le taighde agus teagasc den cháilíocht is airde a sholáthar agus chun a bheith rannpháirteach go hiomlán lena bpobail áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.



## An córas nua um iarratais deontais ar líne, SUSI, a sheoladh

### A bhfuil á dhéanamh againn

Tháinig Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhíic Léinn in Éirinn (SUSI) i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2012. Fuair SUSI breis agus 103,000 iarratas do bhliain acadúil 2014/2015. Tá SUSI ag tuar go bhfaighidh siad breis agus 110,000 míle iarratas do bhliain acadúil 2015/2016.

### An Fáth

Soláthraíonn an córas nua aonair ar líne um iarratais ar dheontais do mhíic léinn seirbhís níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí agus laghdaíonn sé an líon comhlachtaí a cheadaíonn deontais ó seasca haon go dtí ceann amháin.

## Ionaid bharr feabhais d'oideachas múinteoirí a chruthú

### A bhfuil á dhéanamh againn

Tá plean forbartha againn chun líon beag lárionad d'ardcháilíocht a chruthú chun seirbhísí d'oideachas múinteoirí a sholáthar. Laghdóidh sé seo líon na soláthraithe oideachais mhúinteoirí ó naoi gcinn déag go dtí sé cinn. I ndiaidh próiseas corpraithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), clárófar fochéimithe na chéad bhliana i gColáiste Phádraig, Drom Conrach agus in Institiúid Oideachais Mater Dei mar mhíic léinn de chuid DCU don bhliain acadúil 2015/2016.

### An Fáth

Tá athrú struchtúrach de dhith lena chinntí go mbeidh líon beag d'ionaid ardcháilíochta ann chun freastal ar oideachas múinteoirí i ngach earnáil, ón luath-óige go dtí an t-oideachas aosach.

## An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a chur i bhfeidhm

### A bhfuil á dhéanamh againn

Cumasaíonn an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ), a chuimsíonn na hearnálacha oideachais agus oiliúna ar fad, comparáid a dhéanamh idir cáilíochtaí agus aitheantas a thabhairt dóibh, in Éirinn agus thar lear.

### An Fáth

Éascaíonn an NFQ daoine aonair chun rochtain a fháil ar chláir oideachais agus oiliúna agus dul chun cinn a dhéanamh iontu, lena n-áirítear thar réimsí agus disciplíní éagsúla. Chomh maith leis sin, tugann sé dearbhú go bhfuil na cáilíochtaí láidir.

## Ag tacú le cur i bhfeidhm bealaí nua le hobair a dhéanamh

### A bhfuil á dhéanamh againn

Táimid ag obair chun Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí de chuid an Rialtais san Earnáil Oideachais agus Oiliúna a chur i bhfeidhm ina bhfuil fócas ar leith ar sheirbhísí comhroinnte, athchóiriú an tsoláthair agus eiseamláirí de sholáthar seirbhísí seachtracha, a chur i bhfeidhm. Cuimsíonn tosaíochtaí na seirbhísí comhroinnte in 2015 Seirbhísí Comhroinnte Párola agus Bainistíochta Airgeadais do na Boird Oideachais agus Oiliúna. Bunaíodh an tSeirbhís Soláthair Oideachais (EPS) in 2014 mar Mhol Oideachais ar fud na hearnála, ag soláthar earraí/seirbhísí faoi leith thar ceann na hearnála agus ag déanamh bainistíochta ar dhá chatagóir thar ceann na hOifige um Sholáthar

Rialtais (OGP). Sa bhreis air seo, tá Aonad Soláthair Scoile bunaithe chun tacú leis an earnáil scoile agus chun cuidiú léi maidir lena rannpháirtíocht san eiseamláir nua soláthair láraithe agus maidir lena comhlíonadh.

### An Fáth

Tá Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2014 – 2016 dírithe ar cheithre phríomhthéama:

- Fócas ar Úsáideoirí Seirbhísí
- Fócas ar Éifeachtúlacht
- Fócas ar Oscailteacht, Trédhearacht agus Cuntasacht
- Fócas ar Cheannaireacht, Cumas agus Seachadadh

# Liosta de shuíomhanna gréasáin úsáideacha

## [www.education.ie](http://www.education.ie)

An Roinn Oideachais agus Scileanna

## [www.childabusecommission.ie](http://www.childabusecommission.ie)

An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú

## [www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## [www.ggda.ie](http://www.ggda.ie)

Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin

## [www.hea.ie](http://www.hea.ie)

An tÚdarás um Ard-Oideachas

## [www.research.ie](http://www.research.ie)

An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

## [www.leargas.ie](http://www.leargas.ie)

Léargas

## [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

## [www.ncge.ie](http://www.ncge.ie)

An Láirionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas

## [www.ncse.ie](http://www.ncse.ie)

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## [www.tusla.ie](http://www.tusla.ie)

An Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach

## [www.qqi.ie](http://www.qqi.ie)

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

## [www.rirb.ie](http://www.rirb.ie)

An Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe

## [www.skillnets.ie](http://www.skillnets.ie)

Skillnets

## [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)

Coimisiún na Scrúduithe Stáit,

## [www.solas.ie](http://www.solas.ie)

Údarás Breisoideachais agus Oiliúna SOLAS

## [www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie)

An Chomhairle Mhúinteoireachta

## [www.dcy.gov.ie](http://www.dcy.gov.ie)

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

## [www.juniorcycle.ie](http://www.juniorcycle.ie)

An tSraith Shóisearach

## [www.momentumskills.ie](http://www.momentumskills.ie)

Momentum – Oideachas agus Oiliúint do Chuardaitheoirí Post

## [www.etbi.ie](http://www.etbi.ie)

Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

## [www.oecd.org](http://www.oecd.org)

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta

## [www.pdst.ie](http://www.pdst.ie)

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

## [www.projectmaths.ie](http://www.projectmaths.ie)

Tionscadal Mata

## [www.siolta.ie](http://www.siolta.ie)

An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige

## [www.springboardcourses.ie](http://www.springboardcourses.ie)

Springboard – cúrsaí ardoideachais páirtaimseartha do chuardaitheoirí post saor in aisce

## [www.studentfinance.ie](http://www.studentfinance.ie)

Maoiniú do Mhic Léinn

## [www.susi.ie](http://www.susi.ie)

Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn

## [www.transition.ie](http://www.transition.ie)

Aistriú ón dara leibhéal go dtí an tríú leibhéal

## [www.skillstowork.ie](http://www.skillstowork.ie)


Skills to Work

## [www.jct.ie](http://www.jct.ie)

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

## [www.languagesinitiative.ie](http://www.languagesinitiative.ie)

Tionscnamh Teangacha Iar-bhunscoile





# An Roinn Oideachais agus Scileanna

## Oifig Bhaile Átha Luain:

An Roinn Oideachais agus  
Scileanna, Cor na Madaidh, Baile  
Átha Luain, Contae na hIarmhí.

**Guthán:** (090) 648 3600

## Oifig Bhaile Átha Cliath:

An Roinn Oideachais agus  
Scileanna, Sráid Mhaolbhríde,  
Baile Átha Cliath 1.

**Guthán:** (01) 889 6400

## Oifig Thulach Mhór:

An Roinn Oideachais agus  
Scileanna, Bóthar Phort Laoise,  
Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí.

**Guthán:** (057) 932 4300